Scoil Cheoil an Earraigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scoil cheoil i gCorca Dhuibhne. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

bailiúchán	ceardlanna	i bhfeighil
dea-scéal	deis	laochra ceoil

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéad ceoltóir a d'fhreastail ar na ranganna ag Scoil Cheoil an Earraigh?

2. Cén sórt ceoil a bhí siad ag foghlaim?

3. Ainmigh dhá uirlis ceoil a luaitear sa tuairisc.

4. Cad é an scéal mór a fuair lucht an cheoil ag Scoil Cheoil an Earraigh?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Tagann* na daltaí ó chian agus ó chóngar chun ceoil a fhoghlaim.'
'*Foghlaimíonn* siad ceol aitiúil as Corca Dhuibhne.'

Anois an féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Bain úsáid as na focail idir lúibíní.

1. _____ Seán an baile gach maidin ar a leathuair tar éis a seacht. (fág)

2. Nuair a bhíonn am ag Máire, _____ sí ag snámh sa linn snámha. (téigh)

3. _____ sé ceithre uair a chloig tiomáint ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. (tóg)

4. _____ muintir na hÉireann a lán prátaí. (ith)

5. _____ a lán daoine siopadóireacht na seachtaine ar an Satharn. (déan)

6. De ghnáth _____ Mícheál ticéad don Chrannchur Náisiúnta gach Céadaoin. (ceannaigh)

Ceist 4 Féach ar an abairt thíos:

'Bhí *dea-scéal* ag an scoil do lucht an cheoil traidisiúnta in Éirinn.'

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Cuir séimhiú ar an dara focal, más féidir.

1	dea + scéal	dea-scéal
2	dea + sampla	dea-shampla
3	dea + focal	
4	dea + rud	
5	dea + béasach	
6	dea + ainm	
7	dea + gníomh	
8	dea + obair	
9	dea + duine	
10	dea + sláinte	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

'Bhí breis agus 120 ceoltóir *ag freastal* ar na ceardlanna éagsúla.'
'Tá daoine *ag bailiú* isteach sa halla don cheolchoirm.'

Anois an féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Bain úsáid as an bhfocal idir lúibíní.

1. Bhí go leor daoine ag díol agus ag _____ ag an margadh. (ceannaigh)

2. Tá go leor oibrithe ón Pholainn ag _____ tithe in Éirinn. (tóg)

3. Chaith Siobhán dhá uair a chloig ag _____ na seomraí ranga. (glan)

4. Shuigh Pádraig cois tine ag _____. (léigh)

5. Ghortaigh Seán a lámh nuair a bhí sé ag _____ doras an ghluaisteáin. (oscail)

6. Beidh an cheolchoirm ag _____ ar a naoi a chlog. (tosaigh)

7. Níor cheart go mbeadh imreoirí peile ag _____ rialacha an chluiche. (bris)

Ceist 6 An bhfuil sé tábhachtach seancheol agus seanamhráin a choimeád beo? Cén fáth? Cén tábhacht atá ag baint le scoileanna ceoil cosúil le Scoil Cheoil an Earraigh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

bailiúchán – *collection*
ceardlanna – *workshops*
i bhfeighil – *in charge of*
dea-scéal – *good news*
deis – *opportunity*
laochra ceoil – *musical heroes*

Ceist 2

1. 120.
2. Ceol áitiúil Chorca Dhuibhne.
3. Bodhrán, bainseó, bosca ceoil, feadóg stáin.
4. Tá bailiúchán luachmhar de amhráin as Corca Dhuibhne aimsithe anois.

Ceist 3

1. fágann
2. téann
3. tógann
4. itheann
5. déanann
6. ceannaíonn

Ceist 4

1	dea + scéal	dea-scéal
2	dea + sampla	dea-shampla
3	dea + focal	dea-fhocal
4	dea + rud	dea-rud
5	dea + béasach	dea-bhéasach
6	dea + ainm	dea-ainm
7	dea + gníomh	dea-ghníomh
8	dea + obair	dea-obair
9	dea + duine	dea-dhuine
10	dea + sláinte	dea-shláinte

Ceist 5

1. ag ceannach
2. ag tógáil
3. ag glanadh
4. ag léamh
5. ag oscailt
6. ag tosú
7. ag briseadh

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá bailiúchán luachmhar de amhráin Chorca Dhuibhne aimsithe ar áiléar i Sasana 150 bliain tar éis don bhailitheoir ceoil Séamus Goodman iad a bhreacadh síos. Cuireadh sin in iúl le linn Scoil Cheoil an Earraigh, áit ar fhreastail na sluaite ar cheardlanna, ceolchoirmeacha agus léachtaí. Bhí Seán Mac an tSíthigh i mBaile an Fhéirtéaraigh don cheiliúradh.

Séan Mac an tSíthigh
Bhí fuadar faoi cheoltóirí idir óg agus aosta i gCorca Dhuibhne le seachtain anuas ó hosclaíodh Scoil Cheoil an Earraigh 2007. Bhí breis agus 120 ceoltóir ag freastal ar na ceardlanna éagsúla, an líon ba mhó ó cuireadh tús leis an scoil cheoil trí bliana ó shin. Múinteoirí áitiúla is mó a bhíonn i bhfeighil na ranganna ach tagann na daltaí ó chian agus ó chóngar agus craos chun ceoil orthu go léir. Leagtar an bhéim i gcónaí ar stíl so-aitheanta Chorca Dhuibhne.

Aoife Ní Ghrainbhéil
Táimid ag múineadh ceol a thagann ón mBlascaod, ceol de chuid…an bhfuil a fhios agat…na ceoltóirí cosúil le Maurice Quinn agus Na Caipíní agus Dálaigh agus iad sin ón mBlascaod agus….*tunes* ó chnuasach Goodman chomh maith, tá sé sin an-tábhachtach[1]. *So* na saghasanna *tunes* sin nach mbeadh[2] ar eolas ag an-chuid daoine… agus *just* chun iad a spreagadh i dtaobh an cheoil seo agus an stíl cheoil atá againn anseo.

Seán Mac an tSíthigh
Reachtáladh ceardlanna ar gach aon sórt uirlise ón mbodhrán go dtí an mbainseó agus ón mbosca ceoil go dtí an bhfeadóg stáin. Cúis lúcháir do lucht an cheoil thraidisiúnta in Éirinn an dea-scéala a craobhscaoileadh le linn na féile faoi cheann do na bailiúcháin ceoil is tábhachtaí sa tír.

Niamh Ní Bhaoill
Bhuel is é an scéal mór ná an scéal a bhí ag Nicholas Carolan ag an léacht mar gheall ar an gCanónach James Goodman…go bhfuil siad tar éis teacht ar dhá lámhscríbhinn ina bhfuil suas le 80 fonn mall, ach na focail a théann leis na foinn. Bhí a fhios againn go raibh na foinn iad fhéin ar fáil ach anois tá an seod luachmhar seo tagtha chun solais. Bailíodh na hamhráin sin ar fad anseo i gCorca Dhuibhe thart ar 150 bliain ó shin agus ní fhaca éinne na focail seo scríte ó shin. *So* is seod dochreidthe é. Tá sé cosúil le Leabhar Cheannanais a aimsiú arís.

Seán Mac an tSíthigh
Tá daoine ag bailiú isteach sa halla laistiar dom do cheann do bhuaicphointí na féile nuair a thugtar an deis do na daltaí ceol a chasadh leis na máistrí. I measc na laochra ceoil a bhí ag seinnt i dteannta na ndaltaí bhí muintir Champbell ó Thír Chonaill agus Paddy Cronin ó Shliabh Luachra ar a mbronnadh Gradam Ceoil TG4 le déanaí.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, i Baile an Fheirtéaraigh, i Contae Chiarraí.

[1] *ana-thábhachtach* a deirtear sa mhír
[2] *ná beadh* a deirtear sa mhír